Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

**Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Déan staidéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis de Neidín (*Kenmare*) a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Duínis (*Dinish Island*) ar an Ribhéar (*Kenmare River*)
- Achar iomlán an Ribhéir (*Kenmare River*)
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i Neidín (*Kenmare*)
- Bóthar Tánaisteach Náisiúnta an N70.

(10)

**B.** Mínigh **DHÁ** chúis gur fhás baile an Neidín (*Kenmare*) ag an suíomh seo, agus fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis.

(8)

**C.** D'iarr an Chomhairle Ceantair ort bróisiúr turasóirí a dhearadh do cheantar an Neidín (*Kenmare*).

Agus fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat, déan cur síos ar **CHEITHRE** ní is díol spéise do thurasóirí atá le fáil sa cheantar seo.

(12)

**Ceist 2. AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an aerfótagraf de Neidín a thugtar leis an bpáipéar seo.

**NÓTA**: Cuimhnigh air gur fótagraf fiar é seo. Dá bhrí sin, ní mór duit na **téarmaí cearta** a úsáid, e.g. cúlra ar clé, tulra ar dheis, etc.

**A.** Úinéir cuideachta móire tú. Tá cinneadh déanta agat ceann de do chuid monarchana a thógáil sa limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

(i) Agus an téarmaíocht cheart á húsáid agat (cúlra ar clé etc.), mol suíomh oiriúnach don mhonarcha.

(ii) Agus fianaise ón aerfótagraf á húsáid agat, mínigh **DHÁ** chúis ar roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Luaigh **DHÁ** agóid a d'fhéadfaí a dhéanamh in aghaidh an mhonarcha a thógáil ag an suíomh seo.

(12)

**B.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **DHÁ** shráid a bhuaileann le chéile
- Limistéar tithíochta
- Limistéar coillearnaí
- Séipéal le spuaic.

(10)

**C.** Samhlaigh go maireann tú i gceann de na tithe sa lár ar clé ar an aerfótagraf.

Agus fianaise ón aerfótagraf á húsáid agat, mínigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann le bheith i do chónaí ag an suíomh seo.

(8)

## Ceist 3. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

### A. Uisce – Acmhainn Nádúrtha

Ionad Cóireála Uisce





Tithe, Scoileanna, Siopaí



Taiscumar




Aibhneacha agus Lochanna



Taispeánann na pictiúirí thuas céimeanna difriúla i soláthar uisce áitiúil.
Níl na pictiúirí san ord ceart.

(i) Déan cur síos ar na céimeanna a fheidhmítear i soláthar uisce áitiúil.

(ii) Mínigh conas a d'fhéadfadh go n-éireodh soláthar uisce truaillithe.

(12)

### B. Saothrú Ola agus Gáis

(i) Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** amach ó chósta na hÉireann ina bhfuarthas ola / gás nádúrtha.

(ii) Mínigh iarmhairt dhearfach **AMHÁIN** agus iarmhairt dhiúltach **AMHÁIN** a bhíonn ag fionnachtain mar seo ar cheantar.

(iii) Luaigh cúis **AMHÁIN** a bhfuil sé tábhachtach go laghdófaí an méid breosla iontaise atá á úsáid.

(10)

### C. Forbairt Gheilleagrach - Cúnamh

| | | |
|---|---|---|
| Cúnamh ceangailte | Cúnamh iltaobhach | Cúnamh déthaobhach |
| Cúnamh éigeandála | Cúnamh forbartha | |

(i) Roghnaigh cineál **AMHÁIN** cúnaimh ainmnithe sa bhosca thuas.

Déan cur síos ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann leis an sórt seo cúnaimh.

(ii) Ainmnigh áit **AMHÁIN** ar domhan ina n-úsáidtear nó inar úsáideadh an sórt cúnaimh seo.

(8)

**Ceist 4. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**A. Sil-leagan**

(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** ar cruthaíodh í ag sil-leagan cósta **nó** sil-leagan oighreach.

(ii) Mínigh, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, conas a cruthaíodh an ghné seo.

(10)

**B. Aibhneacha agus Daoine**

(i) Déan cur síos ar bhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le haibhneacha do dhaoine.

(ii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le haibhneacha do dhaoine.

(8)

**C. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh carraig **AMHÁIN** agus luaigh úsáid **AMHÁIN** a bhaintear as an gcarraig seo.

(ii) Mínigh conas a cruthaíodh an charraig seo.

(iii) Déan cur síos ar bhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le cairéalú.

(iv) Déan cur síos ar míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le cairéalú.


(12)

**Ceist 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **5A**, **5B**, **5C**, **5D**.

**5A. An tAtmaisféar Corrach**

(i)




Curtha in oiriúint ó www.wikimedia.org

Scrúdaigh an léaráid thuas, a thaispeánann conas a théann an ghrian an Domhan. Taispeánann an líne **X** an Meánchiorcal.

Mínigh cén fáth a bhfuil an teocht ag **A** níos ísle ná an teocht ag **B**.

(ii) Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na tosca thíos agus déan cur síos ar an tslí a dtéann an toisc sin i bhfeidhm ar an teocht ar dhromchla an Domhain.

- Fad ón bhfarraige
- Gnáthghaotha
- Airde
- Rilíf.

(10)

**5B. Uirbiú**

% de Dhaoine ag Maireachtáil i gCeantair Uirbeacha i dTíortha Roghnaithe i 1990 agus 2010

| **Tír** | **1990** | **2010** |
|---|---|---|
| An Bhanglaidéis | 19.8% | 27.9% |
| An Ghearmáin | 73.1% | 73.8% |
| Éire | 56.9% | 61.9% |
| An tSúdáin | 28.6% | 33.1% |

www.esa.un.org


(i) Cén tír ina raibh an céatadán is airde daoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha in 2010?

(ii) Ríomh an t-ardú i gcéatadán na ndaoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha in Éirinn idir 1990 agus 2010.

(iii) Mínigh **DHÁ** chúis a dtéann daoine ag maireachtáil i gceantair uirbeacha (bailte agus cathracha).

(10)

## 5C. Staidéir Dhaonra




Scrúdaigh an pirimid thuas a thaispeánann struchtúr aoise agus inscne an daonra san Aetóip.

(i) Cén céatadán de na fireannaigh atá san aoisghrúpa 40 - 44?

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil céatadán ard de dhaonra na hAetóipe sna haoisghrúpaí níos óige.

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil céatadán an-íseal de dhaonra na hAetóipe 65 bliana d'aois nó os a chionn.

(iv) Luaigh slí **AMHÁIN** ar féidir úsáid a bhaint as eolas ón Daonáireamh.

(10)

## 5D. Gluaiseacht Tráchta

**A**. Carranna ag buaicthráth an tráchta




**B**. Bus




**C**. Luas




(i) Féach ar an bhfótagraf **A** a tógadh ó cheamara tráchta.
Nuair a chuirtear an uair den lá san áireamh, an bhfuil níos mó tráchta ag fágáil na cathrach nó ag teacht isteach sa chathair?

(ii) Déan cur síos ar chúis **AMHÁIN** arb é an carr an modh iompair is mó a bhfuil éileamh air ag comaitéirí laethúla.

(iii) Mínigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le hiompar poiblí do chomaitéirí laethúla.

(10)

# Leathanach Bán